AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.6.2021
COM(2021) 303 final

2018/0152 (COD)

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

maidir leis an

seasamh ón gComhairle i ndáil le Rialachán a ghlacadh lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú, agus i ndáil le Rialachán a ghlacadh lena leasaítear Rialacháin (AE) 603/2013, 2016/794, 2018/1862, 2019/816 agus 2019/818 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise eile de chuid an Aontais Eorpaigh chun críocha VIS

2018/0152 (COD)

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

maidir leis an

seasamh ón gComhairle i ndáil le Rialachán a ghlacadh lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú, agus i ndáil le Rialachán a ghlacadh lena leasaítear Rialacháin (AE) 603/2013, 2016/794, 2018/1862, 2019/816 agus 2019/818 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise eile de chuid an Aontais Eorpaigh chun críocha VIS

1. CÚLRA

An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2018) 302 final – 2018/0152 COD):	16 Bealtaine 2018.
Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa:	19 Meán Fómhair 2018.
Dáta na tuairime ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí:	12 Nollaig 2018.
Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh:	13 Márta 2019.
An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle:	27 Bealtaine 2021.

2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an togra seo:

(1) an nós imeachta um iarratas a dhéanamh ar víosa a éascú;

(2) seiceálacha ag pointí trasnaithe teorann seachtraí agus laistigh de chríoch na mBallstát a éascú agus a neartú;

(3) slándáil inmheánach limistéar Schengen a fheabhsú trí mhalartú faisnéise i measc na mBallstát a éascú maidir le sealbhóirí víosa fadfhanachta agus ceada cónaithe ar náisiúnaigh tríú tír iad.

Saothraítear roinnt cuspóirí coimhdeacha freisin, eadhon:

(4) éascú a dhéanamh ar sheiceálacha céannachta ar náisiúnaigh tríú tír ar chríoch Ballstáit, seiceálacha a dhéanann údaráis imirce agus údaráis forfheidhmithe dlí;

(5) laghdú a dhéanamh ar an deacracht a bhaineann le daoine ar iarraidh a shainaithint;

(6) cabhrú leis an bpróiseas um shainaithint agus filleadh a dhéanamh ar aon duine a bhféadfadh sé nach mbeadh na coinníollacha maidir le dul isteach, fanacht nó cónaí sna Ballstáit á gcomhlíonadh aige nó a bhféadfadh sé nach mbeadh na coinníollacha sin á gcomhlíonadh a thuilleadh aige;

(7) cabhrú le húdaráis forfheidhmithe dlí rochtain a fháil ar shonraí na n-iarratasóirí ar víosa ghearrfhanachta agus sonraí na sealbhóirí víosa gearrfhanachta (rud is féidir a dhéanamh cheana féin faoi na rialacha reatha), agus an rochtain sin a leathnú chuig sealbhóirí víosa fadfhanachta agus sealbhóirí ceada cónaithe, nuair is gá é sin le haghaidh coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh, agus ardchaighdeáin chosanta sonraí agus ardchaighdeáin phríobháideachais á n-áirithiú san am céanna;

(8) staidreamh a bhailiú chun tacú leis an Aontas beartais imirce a cheapadh ar bhonn fianaise.

3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE

An seasamh ón gComhairle arna ghlacadh ar an gcéad léamh, is léiriú iomlán é ar an gcomhaontú ar thángthas air le linn na caibidlíochta tríthaobhaí idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún arna tabhairt i gcrích an 16 Nollaig 2020.

Caomhnaíonn an comhaontú na heilimintí substainteacha agus na rudaí nua a mholann an Choimisiúin, eilimintí agus rudaí a bhfuil cuid acu faoi réir modhnuithe áirithe, faoi mar a leagtar amach thíos.

Maidir le cuardaigh uathoibrithe a dhéanamh i gcórais faisnéise eile, d'aontaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle den chuid is mó le liosta na mbunachar sonraí atá le cuardach ag an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) arna mholadh ag an gCoimisiún[1], cé go mbeidh coinníollacha agus coimircí breise ag gabháil le cuid de na córais faisnéise sin. Leagadh síos forálacha ní ba mhionsonraithe maidir le fíorú de láimh agus obair leantach a dhéanamh ar na hamais, rud a shannfar d'údaráis éagsúla, ag brath ar fhoinse agus ar íogaireacht na sonraí a ghin an t-amas. Is le gníomh tarmligthe a shonrófar na rialacha maidir le cuardaigh agus fíoruithe. Le roinnt 'leasuithe iarmhartacha', déanfar ionstraimí dlí na gcóras faisnéise a chuardaítear a ailíniú go hiomlán leis na forálacha nua maidir leis na cuardaigh uathoibrithe.

Déanfar víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe a thaifead sa Chóras Faisnéise Víosaí agus ní hamháin go mbeidh siad faoi réir cuardaigh uathoibrithe i gcórais faisnéise eile tar éis dóibh a bheith eisithe, beidh siad faoi réir na gcuardach sin tráth a dhéanfar an t-iarratas chomh maith. Beidh ceadanna rochtana teoranta ag údaráis áirithe ar shonraí na ndaoine a bhfuil ceadanna cónaithe ar feadh tréimhse is mó ná 10 mbliana acu.

Maidir leis an mbithmhéadracht, d'aontaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle leis an moladh an aois mhéarlorgaireachta a laghdú ó 12 bhliain go 6 bliana i gcás mionaoiseach, ach thug siad isteach uasteorainn aoise 75 bliana i ndáil leis an méarlorgaireacht freisin. An tráth céanna, tabharfar isteach roinnt coimircí agus srianta ar rochtain i leith bithmhéadracht leanaí. Íomhánna beo den aghaidh, is sa Chóras Faisnéise Víosaí a stórálfar iad agus úsáidfear iad le haghaidh meaitseáil bhithmhéadrach, lena n-áirítear chun céannacht a fhíorú nó daoine a shainaithint trí na híomhánna sin a chuardach sa Chóras Faisnéise Víosaí, faoi réir

[1] Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), lena n-áirítear liosta faire ETIAS, Córas Faisnéise Schengen (SIS), Eurodac, an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla – Náisiúnaigh Tríú Tír (ECRIS-TCN), sonraí ó Europol, bunachar sonraí Interpol i ndáil le Doiciméid atá Goidte nó Caillte (STLD) agus bunachar sonraí Interpol um Dhoiciméid Taistil a bhaineann le Fógraí (TDAWN).

coinníollacha áirithe agus coimircí dochta.

Comhtháthófar táscairí sonracha riosca mar shásra uathoibrithe sa Chóras Faisnéise Víosaí trína ndéanfar gach iarratas ar víosa ghearrfhanachta a scagadh. Tá na nósanna imeachta agus an struchtúr riaracháin le haghaidh na dtáscairí sonracha riosca i gcomhréir leis na cinn le haghaidh rialacha scagtha de chuid Chóras an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)[2].

Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle leis na forálacha maidir leis an ngeata iompróra le haghaidh víosaí agus ceadanna cónaithe a sheiceáil sa Chóras Faisnéise Víosaí. Beidh sé de cheangal ar iompróirí paisinéirí a ndiúltaítear bordáil dóibh a chur ar an eolas maidir leis an gcaoi le rochtain a iarraidh ar shonraí an Chórais Faisnéise Víosaí. Beidh feidhm ag maolú ó na forálacha sin maidir le hiompróirí a iompraíonn grúpaí i gcóistí thar tír, agus beidh feidhm aige ar feadh na chéad 18 mí ó cuireadh tús leis an iarratas.

Rinneadh forálacha an Chinnidh lena mbunaítear an Córas Faisnéise Víosaí[3] a chomhtháthú sa Rialachán maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí. Na forálacha maidir le cosaint sonraí atá ann cheana, rinneadh iad a ailíniú le hionstraimí dlí comhchosúla a rinneadh le déanaí agus leis an gcreat dlíthiúil ginearálta maidir le cosaint sonraí.

Ina theannta sin, cuimsíonn an comhaontú forálacha maidir leis an Rialachán leasaithe a chur i bhfeidhm faoi dheireadh 2023 agus forálacha maidir le faireachán agus tuairisciú atreisithe le linn na céime forbartha.

Thacaigh an Coimisiún leis an gcomhaontú ar thángthas air le linn na caibidlíochta tríthaobhaí. Leis an gCóras Faisnéise Víosaí uasghrádaithe mar aon leis an gCóras Dul Isteach/Imeachta agus ETIAS, cuirfear bonn faoi bhainistiú níos fearr ar theorainneacha sheachtracha an Aontais agus cuirfear feabhas ar idir-inoibritheacht na gcóras Eorpach uile um theorainneacha, inimirce, slándáil agus ceartas. Dá bhrí sin, cuireann an comhaontú go mór leis an sprioc go mbeidh gach córas faisnéise atá nua agus uasghrádaithe, go mbeidh siad oibríochtúil agus go hiomlán idir-inoibritheach faoi dheireadh 2023.

4. CONCLÚID

Glacann an Coimisiún leis an seasamh ón gComhairle.

[2] Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2018/1240.

[3] Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle.